Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

L 22

An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Imleabhar 66

24 Eanáir 2023

Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2023/154 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 147/2003 a bhaineann le bearta sriantacha áirithe i ndáil leis an tSomáil** 1

★ **Rialachán (AE) 2023/155 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa tSomáil** 6

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/156 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis** 8

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/157 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 a mhéid a bhaineann leis an tagairt don deimhniú agus d'fhéindeimhniúchán táirgeoirí beaga neamhspleácha deochanna alcólacha sa doiciméad riaracháin leictreonach simplithe** 12

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/158 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2023 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a mhéid a bhaineann le plandaí *Prunus domestica* agus *Prunus cerasifera* áirithe le haghaidh plandú de thionscnamh na hÚcráine** 15

CINNTÍ

★ **Cinneadh (CBES) 2023/159 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis** 18

★ **Cinneadh (CBES) 2023/160 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 lena leasaítear Cinneadh 2010/231/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile** 22

GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

★ **Cinneadh (CBES) 2023/161 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/649 maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Rúnaíocht CTA mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm** 28

★ **Cinneadh (CBES) 2023/162 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 maidir le misean de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA)** 29

II

(Gníomhartha neamhreachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) 2023/154 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Eanáir 2023

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 147/2003 a bhaineann le bearta sriantacha áirithe i ndáil leis an tSomáil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh 2010/231/CBES ón gComhairle an 26 Aibreán 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2009/138/CBES ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 147/2003 ón gComhairle ([2]), cuirtear srian le soláthar maoinithe, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh theicniúil a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata i ndáil le hearraí agus teicneolaíocht atá san áireamh i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh d'aon duine, eintiteas nó comhlacht sa tSomáil.

(2) An 17 Samhain 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2662 (2022). Leis an Rún sin, leathnaítear, go háirithe, raon feidhme na ndíolúintí ón trádbhac arm agus an maoiniú, cúnamh airgeadais agus cúnamh teicniúil lena mbaineann atá beartaithe le haghaidh faighteoirí áirithe sa tSomáil.

(3) An 23 Eanáir 2023, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2023/160 ([3]), lena leasaítear Cinneadh 2010/231/CBES i gcomhréir le Rún 2662 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

(4) Tagann roinnt de na leasuithe sin faoi raon feidhme an Chonartha ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus, dá bhrí sin, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais chun iad a chur chun feidhme, go sonrach d'fhonn a áirithiú go gcuirfidh oibreoirí eacnamaíocha na leasuithe sin i bhfeidhm go haonfhoirmeach i ngach Ballstát.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (CE) Uimh. 147/2003 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 147/2003 mar a leanas:

(1) scriostar Airteagal 2a.

([1]) IO L 105, 27.4.2010, lch. 17.
([2]) Rialachán (CE) Uimh. 147/2003 ón gComhairle an 27 Eanáir 2003 a bhaineann le bearta sriantacha áirithe i ndáil leis an tSomáil (IO L 24, 29.1.2003, lch. 2).
([3]) Cinneadh (CBES) 2023/160 ón gComhairle an 23 Eanáir 2023 lena leasaítear Cinneadh 2010/231/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile (Féach leathanach 22 den Iris Oifigiúil seo).

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 3:

"*Airteagal 3*

1. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 1 maidir le soláthar maoinithe, cúnaimh airgeadais ná cúnaimh theicniúil a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata i ndáil le hearraí agus teicneolaíocht atá san áireamh i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh atá beartaithe le haghaidh na nithe seo a leanas, agus na nithe sin amháin:

(a) tacaíocht do phearsanra na Náisiún Aontaithe, nó úsáid phearsanra na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear Misean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe sa tSomáil (UNSOM);

(b) tacaíocht do Mhisean Aistrithe an Aontais Afracaigh sa tSomáil (ATMIS) agus dá chomhpháirtithe straitéiseacha, nó úsáid ATMIS agus a chomhpháirtithe straitéiseacha, agus iad ag feidhmiú faoin leagan is déanaí de Choincheap Straitéiseach um Oibríochtaí an Aontais Afracaigh agus i gcomhar agus i gcomhordú le ATMIS;

(c) tacaíocht d'oiliúint agus do ghníomhaíochtaí tacaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, na Tuirce, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, nó úsáid acu sin, chomh maith le tacaíocht d'aon fhórsa Stáit eile atá ag feidhmiú laistigh de Phlean Aistrithe na Somáile, nó a bhfuil comhaontú maidir le stádas fórsaí nó meabhrán tuisceana acu le Rialtas Cónaidhme na Somáile chun freastal ar chuspóirí Rún 2662 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, nó úsáid na bhfórsaí sin, ar choinníoll go gcuireann siad an Coiste Smachtbhannaí ar an eolas faoi na comhaontuithe sin a thabhairt i gcrích.

(d) forbairt institiúidí slándála agus póilíneachta na Somáile, ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal náisiúnta, chun slándáil a sholáthar do mhuintir na Somáile.

2. De mhaolú ar mhír 1, pointe (d), beidh soláthar maoinithe nó cúnaimh airgeadais nó cúnaimh theicniúil a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata chun institiúidí slándála agus póilíneachta na Somáile a fhorbairt faoi réir an mhéid seo a leanas:

(a) i ndáil leis na hearraí agus an teicneolaíocht atá san áireamh in Iarscríbhinn IV, gan cinneadh diúltach a fháil ón gCoiste Smachtbhannaí, laistigh de 5 lá oibre tar éis don Choiste fógra a fháil ón tSomáil nó ó Bhallstát nó ón eagraíocht idirnáisiúnta, réigiúnach nó fhoréigiúnach a thugann cúnamh;

(b) i ndáil leis na hearraí agus an teicneolaíocht atá san áireamh in Iarscríbhinn V, réamhfhógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí chun críocha faisnéise arna thíolcadh 5 lá oibre roimh ré ag an Somáil, na Ballstáit nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha agus foréigiúnacha a thugann cúnamh .

3. Áireofar an méid seo a leanas sna fógraí ón Aontas Eorpach nó ó na Ballstáit faoi mhír 2, pointí (a) agus (b) den Airteagal seo:

(a) mionsonraí faoi mhonaróir agus soláthróir na n-armán agus an trealaimh mhíleata, lena n-áirítear sraithuimhreacha;

(b) tuairisc ar na hairm agus ar an armlón lena n-áirítear cineál, cailibre agus cainníocht;

(c) an dáta agus an áit seachadta atá beartaithe; agus

(d) gach faisnéis ábhartha a bhaineann leis an aonad cinn scríbe atá beartaithe, nó leis an áit stórála atá beartaithe.

4. Déanfaidh an tAontas Eorpach nó an Ballstát soláthair atá ag seachadadh cúnaimh i bhfoirm maoinithe, cúnaimh airgeadais nó cúnaimh theicniúil i ndáil le hearraí agus teicneolaíocht atá san áireamh i Liosta Comhchoiteann Míleata an Aontais Eorpaigh, tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis sheachadadh arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, fógra iarsheachadta a chur faoi bhráid an Choiste Smachtbhannaí i bhfoirm dearbhú i scríbhinn maidir le comhlánú aon seachadta, lena n-áirítear na sraithuimhreacha le haghaidh na n-arm agus an ábhair ghaolmhair a seachadadh, faisnéis loingseoireachta, bille luchta, lastliostaí nó liostaí pacála agus an áit shonrach stórála.

5. Ní bheidh feidhm ag Airteagal 1 maidir leis na nithe seo a leanas:

(a) díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú éadaí cosanta, lena n-áirítear seaicéid philéardhíonacha agus clogaid mhíleata a onnmhairíonn pearsanra na Náisiún Aontaithe, ionadaithe na meán agus oibrithe daonnúla agus forbartha agus pearsanra atá bainteach go sealadach chuig an tSomáil dá n-úsáid phearsanta amháin;

(b) díol, soláthar, aistriú nó onnmhairiú trealaimh mhíleata neamh-mharfaigh a dhéanann BallStáit nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha nó foréigiúnacha, ar trealamh é atá beartaithe d'úsáid dhaonnúil nó chosantach amháin.".

(3) Cuirtear Iarscríbhinn IV isteach mar Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

(4) Cuirtear Iarscríbhinn V isteach mar Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

IARSCRÍBHINN I

Cuirtear isteach an Iarscríbhinn seo a leanas:

"IARSCRÍBHINN IV

LIOSTA NA nEARRAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3(2), POINTE (a)

1. Diúracáin dromchla go haer, lena n-áirítear Córais Aerchosanta Iniompartha (MANPADS).

2. Airm a bhfuil cailibre níos mó ná 14,7 mm acu, agus comhpháirteanna atá saindeartha dóibh sin, agus an t-armlón a ghabhann leo. (Ní áirítear leis sin teilgeoirí roicéad fritancanna a scaoiltear ón ngualainn amhail gránáidí roicéadtiomána (RPGanna), airm éadroma fritancanna (LAWanna), gránáidí raidhfil nó teilgeoirí gránáide.)

3. Moirtéir a bhfuil cailibre níos mó ná 82 mm acu, agus an t-armlón a ghabhann leo.

4. Airm threoraithe fritancanna, lena n-áirítear diúracáin threoraithe fritancanna (ATGManna) agus armlón agus comhpháirteanna atá saindeartha do na hearraí sin.

5. Lánáin agus gléasanna atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata; mianaigh agus ábhar gaolmhar.

6. Treoracha airm ag a bhfuil cumas físe oíche níos airde ná glúin 2.

7. Aerárthaí sciatháin dhobhogtha, fiarsciatháin, claonrótair nó sciatháin chlaonta atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata.

8. 'Soithí' agus feithiclí amfaibiacha atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata. (Áirítear le "soitheach" aon long, feithicil a bhfuil éifeachtaí dromchlacha aici, soitheach a bhfuil limistéar beag plána uisce nó duillárthach aige, agus cabhail nó cuid de chabhail soithigh.)

9. Aerárthaí comhraic gan foireann (arna liostáil faoi Chatagóir IV i gClár na Náisiún Aontaithe um Ghnáth-Arm).".

IARSCRÍBHINN II

Cuirtear isteach an Iarscríbhinn seo a leanas:

"IARSCRÍBHINN V

LIOSTA NA nEARRAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 3(2), POINTE (b)

1. Gach cineál arm a bhfuil cailibre suas le 14,7 mm aige, agus an t-armlón a ghabhann leo.

2. RPG-7 agus gunnaí neamh-athchasta, agus an t-armlón a ghabhann leo.

3. Treoracha airm ag a bhfuil cumas físe oíche de ghlúin 2 nó níos ísle.

4. Rótarárthaí nó héileacaptair atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata.

5. Plátaí armúir colainne crua a thugann cosaint bhalaistíoch atá ar leibhéal III (NIJ 0101.06 Iúil 2008), nó atá níos airde ná an leibhéal sin, nó coibhéisí náisiúnta.

6. Feithiclí talún atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata.

7. Trealamh cumarsáide atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata."

RIALACHÁN (AE) 2023/155 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Eanáir 2023

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa tSomáil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 215 de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2010/231 ón gComhairle an 26 Aibreán 2010 a bhaineann le bearta sriantacha in aghaidh na Somáile agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2009/138/CBES ([1]),

Ag féachaint don togra comhpháirteach ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 ón gComhairle ([2]) tugtar éifeacht do bhearta dá bhforáiltear le Cinneadh 2010/231/CBES.

(2) An 17 Samhain 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2662 (2022), lena leathnaítear, go sonrach, na critéir ainmniúcháin lena dtreoraítear cinneadh na ndaoine agus na n-eintiteas atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Le Cinneadh (CBES) 2023/160 ([3]) ón gComhairle, leasaíodh Cinneadh (CBES) 2010/231 chun na hathruithe ar Rún 2662 (2022) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a léiriú.

(4) Tagann na bearta sin faoi raon feidhme an Chonartha agus, dá bhrí sin, go háirithe d'fhonn a áirithiú go gcuirfear i bhfeidhm iad go haonfhoirmeach i ngach Ballstát, tá gá le gníomhaíocht rialála ar leibhéal an Aontais.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 356/2010, cuirtear an méid seo in ionad mhír 3:

"3. In Iarscríbhinn I beidh daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí arna n-ainmniú ag an gComhairle Slándála nó ag an gCoiste Smachtbhannaí mar seo a leanas:

(a) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá ag gabháil do ghníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht na Somáile i mbaol, nó atá ag tacú le gníomhaíochtaí den sórt sin, ar gníomhaíochtaí iad lena n-áirítear an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

   (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh;

   (ii) gníomhaíochtaí a chuireann an próiseas síochána agus athmhuintearais sa tSomáil i mbaol;

   (iii) gníomhaíochtaí a chuireann Rialtas Cónaidhme na Somáile nó Misean Aistrithe an Aontais Afracaigh sa tSomáil (ATMIS) i mbaol trí fhorneart;

(b) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí a ghníomhaigh de shárú ar an trádbhac arm nó ar an toirmeasc ar chúnamh gaolmhar a sholáthar nó ar na srianta maidir le hairm a athdhíol agus a aistriú mar a leagtar síos i mír 34 de Rún 2093 (2013) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;

([1]) IO L 105, 27.4.2010, lch. 17.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 356/2010 ón gComhairle an 26 Aibreán 2010 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha atá dírithe i gcoinne daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa tSomáil (IO L 105, 27.4.2010, lch. 1).

([3]) Cinneadh ón gComhairle (CBES) 2023/160 an 23 Eanáir 2023 lena leasaítear Cinneadh 2010/231/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile (Féach leathanach 22 den Iris Oifigiúil seo).

(c) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá ag cur bac ar chúnamh daonnúil a sholáthar don tSomáil, nó ar rochtain ar chúnamh daonnúil nó ar chúnamh daonnúil a dháileadh sa tSomáil;

(d) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá ina gceannairí polaitiúla nó míleata a earcaíonn nó a úsáideann leanaí i gcoinbhleachtaí armtha sa tSomáil de shárú ar an dlí idirnáisiúnta is infheidhme;

(e) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá freagrach as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta is infheidhme sa tSomáil, ar sáruithe iad a bhaineann le díriú ar shibhialtaigh, leanaí agus mná ina measc, i gcásanna coinbhleachta armtha, lena n-áirítear marú agus ballbhascadh, foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, ionsaithe ar scoileanna agus ar ospidéil, agus fuadach agus easáitiú éigeantach;

(f) daoine nádúrtha nó dlítheanacha, eintitis nó comhlachtaí atá bainteach le Al-Shabaab; áirítear le gníomhartha agus gníomhaíochtaí a léiríonn go bhfuil duine aonair nó eintiteas bainteach le Al-Shabaab, lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(i) páirt a ghlacadh i maoiniú, pleanáil, éascú, ullmhú nó cur i gcrích gníomhartha nó gníomhaíochtaí atá á ndéanamh ag Al-Shabaab, i gcomhar le Al-Shabaab, faoi ainm Al-Shabaab, thar ceann Al-Shabaab, nó chun tacú le Al-Shabaab;

(ii) airm agus ábhar gaolmhar a sholáthar do Al-Shabaab, a dhíol leis nó a aistriú chuige; agus

(iii) earcú thar ceann Al-Shabaab, nó tacaíocht a thabhairt ar bhealach eile do ghníomhartha nó gníomhaíochtaí de chuid Al-Shabaab, nó de chuid aon chille, cleamhnaí, foghrúpa nó fréamhaí de.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/156 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Eanáir 2023

lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 ón gComhairle an 4 Feabhra 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, eintitis agus comhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis ([1]), agus go háirithe Airteagal 12 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Feabhra 2011, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 101/2011.

(2) Ar bhonn athbhreithnithe, ba cheart an fhaisnéis atá in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán sin maidir leis na ráitis ar chúiseanna agus an fhaisnéis aitheantais a leasú le haghaidh cúigir, agus ba cheart an fhaisnéis aitheantais a nuashonrú do cheathrar eile.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Uimh. (AE) 101/2011 a leasú dá réir ,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) IO L 31, 5.2.2011, lch. 1.

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 101/2011, cuirtear na hiontrálacha thíos in ionad na n-iontrálacha seo a leanas i roinn 'A. Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 2':

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais
"3.	Moncef Ben Mohamed Ben Rhouma TRABELSI	Náisiúntacht: Túinéiseach Áit bhreithe: Tunis, Tunisia Dáta breithe: an 4 Márta 1944 Uimhir Aitheantais: 05000799 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir bainistíochta, mac le Saida DHERIF, pósta le Yamina SOUIEI	Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
9.	Mohamed Naceur Ben Mohamed Ben Rhouma TRABELSI	Náisiúntacht: Túinéiseach Áit bhreithe: Tunis, Tunisia Dáta breithe: an 24 Meitheamh 1948 An seoladh deiridh is eol dúinn: 20 rue El Achfat — Carthage — Tunis, Tunisia Uimhir Aitheantais: 00104253 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir gníomhach gnóthais talmhaíochta, mac le Saida DHERIF, pósta le Nadia MAKNI	Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
12.	Mohamed Adel Ben Mohamed Ben Rehouma TRABELSI	Náisiúntacht: Túinéiseach Áit bhreithe: Tunis, Tunisia Dáta breithe: an 26 Aibreán 1950 Uimhir Aitheantais: 00178522 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir bainistíochta, mac le Saida DHERIF, pósta le Souad BEN JEMIA	Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais
13.	Mohamed Mourad Ben Mohamed Ben Rehouma TRABELSI	Náisiúntacht: Túinéiseach Áit bhreithe: Tunis, Tunisia Dáta breithe: an 25 Meán Fómhair 1955 An seoladh deiridh is eol dúinn: 20 rue Ibn Chabat — Salammbô — Carthage -Tunis, Tunisia Uimhir Aitheantais: 05150331 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: éagtha, POF, mac le Saida DHERIF, pósta le Hela BELHAJ	Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
21.	Houssem Ben Mohamed Naceur Ben Mohamed TRABELSI	Náisiúntacht: Túinéiseach Dáta breithe: an 18 Meán Fómhair 1976 Uimhir Aitheantais: 05412560 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: POF, mac le Najia JERIDI	Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
35.	Slaheddine Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI	Náisiúntacht: Túinéiseach Dáta breithe: an 28 Deireadh Fómhair 1938 Uimhir Aitheantais: 02810614 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: éagtha, mac le Selma HASSEN, pósta le Selma MANSOUR nach maireann	Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais
42.	Ghazoua Bent Hamed Ben Taher BOUAOUINA	Náisiúntacht: Túinéiseach Áit bhreithe: Monastir Dáta breithe: an 30 Lúnasa 1982 Uimhir Aitheantais: 08434380 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: baineann Faisnéis eile: iníon le Hayet BEN ALI, pósta le Badreddine BENNOUR	Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile, agus baint aici le Hayet Ben Ali (Uimh. 33).
46.	Mehdi Ben Tijani Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI	Náisiúntacht: Túinéiseach, Francach Áit bhreithe: Paris, France Dáta breithe: an 27 Deireadh Fómhair 1966 Uimhir Aitheantais: 05515496 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir cuideachta, mac le Paulette HAZAT	Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí (iar-Uachtarán Ben Ali) chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
48.	Sofiene Ben Habib Ben Haj Hamda BEN ALI	Náisiúntacht: Túinéiseach Áit bhreithe: Tunis, Tunisia Dáta breithe: an 28 Lúnasa 1974 An seoladh deiridh is eol dúinn: 23 rue Ali Zlitni, El Manar 2-Tunis, Tunisia Uimhir Aitheantais: 04622472 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir díolacháin, mac le Leila DEROUICHE	Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile."

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/157 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Eanáir 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 a mhéid a bhaineann leis an tagairt don deimhniú agus d'fhéindeimhniúchán táirgeoirí beaga neamhspleácha deochanna alcólacha sa doiciméad riaracháin leictreonach simplithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 92/83/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir le struchtúir na ndleachtanna máil ar alcól agus ar dheochanna alcólacha a chomhchuibhiú ([1]), agus go háirithe Airteagal 23a(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le hAirteagal 23a(1) agus (2) de Threoir 92/83/CEE, ceanglaítear ar na Ballstáit deimhniú bliantúil a sholáthar, arna iarraidh sin, do tháirgeoirí beaga neamhspleácha atá bunaithe ar a gcríocha faoi seach, agus a cheadú do tháirgeoirí beaga neamhspleácha féindeimhniúchán a dhéanamh, lena ndeimhnítear táirgeacht bhliantúil iomlán na dtáirgeoirí chomh maith lena gcomhlíontacht leis na critéir a leagtar amach sa Treoir sin. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 ón gCoimisiún ([2]) sonraítear an fhaisnéis atá le háireamh sa doiciméad riaracháin agus sa doiciméad simplithe tionlacain atá le tagairt a dhéanamh don deimhniú sin nó don fhéindeimhniúchán sin maidir le gluaiseacht earraí faoi Chaibidlí IV nó V de Threoir 2008/118/CE ón gComhairle ([3]).

(2) Cuireadh Treoir (AE) 2020/262 ([4]) in ionad Threoir 2008/118/CE le héifeacht ón 13 Feabhra 2023. An córas ríomhairithe dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (AE) 2020/263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) ('an córas ríomhairithe'), úsáidtear é faoi láthair chun maoirseacht a dhéanamh ar ghluaiseachtaí earraí máil faoi shocrú fionraí dleachta dá dtagraítear in Airteagal 3, pointe (6), de Threoir (AE) 2020/262. Le Treoir (AE) 2020/262 leathnaítear úsáid an chórais ríomhairithe chun maoirseacht a dhéanamh ar earraí máil a scaoiltear lena dtomhailt ar chríoch Ballstáit amháin agus a ghluaistear ansin go críoch Ballstáit eile chun iad a sheachadadh ansin chun críoch tráchtála mar a leagtar síos i gCaibidil V, Roinn 2, de Threoir (AE) 2020/262. Go dtí an 13 Feabhra 2023, tá feidhm ag Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92 ón gCoimisiún ([6]) lena dtarlaíonn gluaiseachtaí den sórt sin faoi chumhdach an doiciméid shimplithe tionlacain, ar doiciméad é atá i bhfoirm pháipéir. Le héifeacht ón dáta sin, rinneadh Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92 a aisghairm le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 ón gCoimisiún ([7]) agus tá na gluaiseachtaí sin le tarlú faoi chumhdach doiciméad riaracháin leictreonach simplithe arna chur isteach ag an gcoinsíneoir tríd an gcóras ríomhairithe a úsáid. Ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart, dá bhrí sin, tagairtí do Threoir (AE) 2020/262 a chur in ionad tagairtí i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 do Threoir 2008/118/CE agus ba cheart tagairtí don doiciméad simplithe tionlacain i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 a scriosadh ón dáta sin ar aghaidh.

([1]) IO L 316, 31.10.1992, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha chun Treoir 92/83/CEE ón gComhairle a chur i bhfeidhm a mhéid a bhaineann le táirgeoirí beaga neamhspleácha deochanna alcólacha a dheimhniú agus a fhéindeimhniú chun críocha dleachta máil (IO L 455, 20.12.2021, lch. 26).

([3]) Treoir 2008/118/CE ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir leis na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil agus lena n-aisghairtear Treoir 92/12/CEE (IO L 9, 14.1.2009, lch. 12).

([4]) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4).

([5]) Cinneadh (AE) 2020/263 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2020 maidir le ríomhairiú gluaiseachta agus faireacháin earraí máil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 43).

([6]) Rialachán (CEE) Uimh. 3649/92 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 1992 maidir le doiciméad simplithe tionlacain le haghaidh gluaiseacht táirgí laistigh den Chomhphobal atá faoi réir dleachta máil agus a scaoileadh lena dtomhailt sa Bhallstát seolta (IO L 369, 18.12.1992, lch. 17).

([7]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2022 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle trí struchtúr agus inneachar na ndoiciméad arna malartú i gcomhthéacs ghluaiseacht na n-earraí máil a bhunú, agus lena mbunaítear tairseach i gcomhair na gcaillteanas mar gheall ar chineál na n-earraí (IO L 247, 23.9.2022, lch. 2).

(3) Leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 684/2009 ón gCoimisiún ([8]) struchtúr agus inneachar na ndoiciméad riaracháin leictreonach a mhalartaítear tríd an gcóras ríomhairithe, ar Rialachán é ar cuireadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 ina ionad le héifeacht ón 13 Feabhra 2023. Dá bhrí sin, ar mhaithe le soiléireacht, ba cheart tagairtí do Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 a chur in ionad tagairtí i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 do Rialachán (CE) Uimh. 684/2009.

(4) Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 a leasú dá réir sin.

(5) Ós rud é go mbeidh feidhm ag leathnú ar úsáid an chórais ríomhairithe a leagtar síos i dTreoir (AE) 2020/262 ón 13 Feabhra 2023 ar aghaidh, ba cheart cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a chur siar go dtí an dáta sin.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Dhleacht Mháil,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2266 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

"*Airteagal 2*

'Tagairt don deimhniú sna doiciméid riaracháin le haghaidh gluaiseacht earraí máil';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

'Chun críoch tagairt don deimhniú sna doiciméid riaracháin a luaitear in Airteagail 20, 26, 36 agus 38 de Threoir (AE) 2020/262 (*) ón gComhairle, is í seo a leanas an fhaisnéis atá le háireamh iontu, mar a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 2022/1636 (**) ón gCoimisiún í:

(*) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (athmhúnlú) (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4).

(**) Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2022 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle trí struchtúr agus inneachar na ndoiciméad arna malartú i gcomhthéacs ghluaiseacht na n-earraí máil a bhunú, agus lena mbunaítear tairseach i gcomhair na gcaillteanas mar gheall ar chineál na n-earraí (IO L 247, 23.9.2022, lch. 2).";

(2) Scriostar Airteagal 3;

(3) Leasaítear Airteagal 5 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an cheannteidil:

"*Airteagal 5*

Ceanglais le haghaidh chomhlánú na ndoiciméad riaracháin i gcás féindeimhniúcháin maidir le gluaiseacht earraí máil";

(b) i mír 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na coda réamhráití:

"Sna doiciméid riaracháin a luaitear in Airteagail 20, 26, 36 agus 38 de Threoir (AE) 2020/262, dearbhófar stádas na dtáirgeoirí beaga neamhspleácha i mbosca 17l, mar a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636, sna téarmaí seo a leanas: 'An táirge ar a bhfuil cur síos déanta arna tháirgeadh ag' agus ina dhiaidh sin, de réir mar is infheidhme, ceann de na téarmaí seo a leanas:";

([8]) Rialachán (CE) Uimh. 684/2009 ón gCoimisiún an 24 Iúil 2009 lena gcuirtear chun feidhme Treoir 2008/118/CE ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis na nósanna imeachta ríomhairithe maidir le gluaiseacht earraí máil faoi fhionraí dleachta máil (IO L 197, 29.7.2009, lch. 24).

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

"3. Dearbhófar táirgeadh bliantúil deochanna alcólacha an táirgeora bhig neamhspleách i mbosca 17n den doiciméad riaracháin, mar a leagtar amach i dTábla 1 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2022/1636. Sonrófar an chainníocht i heictilítir, ach amháin i gcás alcóil eitile, ar i heictilítir d'alcól íon a shonrófar é.";

(4) Scriostar Airteagal 6.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 13 Feabhra 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/158 ÓN gCOIMISIÚN

an 23 Eanáir 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a mhéid a bhaineann le plandaí *Prunus domestica* agus *Prunus cerasifera* áirithe le haghaidh plandú de thionscnamh na hÚcráine

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 42(4), an chéad fhomhír, de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún ([2]) bunaítear, ar bhonn réamh-mheasúnú riosca, liosta plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2018 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos rialacha sonracha maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun an measúnú riosca dá dtagraítear in Airteagal 42(4) de Rialachán (AE) 2016/2031 a dhéanamh ar phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile a mbaineann ardriosca leo.

(3) Tar éis réamh-mheasúnú a dhéanamh, áiríodh 34 ghéineas agus speiceas amháin de phlandaí le haghaidh plandú de thionscnamh gach ceann de na tríú tíortha san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 mar phlandaí a mbaineann ardriosca leo, lena n-áirítear an géineas *Prunus* L.

(4) An 18 Deireadh Fómhair 2019, chuir an Úcráin iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun plandaí *Prunus domestica* le haghaidh plandú agus iad beangaithe ar fhréamhstoic *Prunus cerasifera*, ar plandaí iad atá fréamhlom, suanach agus gan duilleoga, a onnmhairiú chuig an Aontas. Cuireadh an sainchomhad teicniúil ábhartha isteach leis an iarraidh.

(5) An 17 Bealtaine 2022, ghlac an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") tuairim eolaíoch maidir leis an measúnú riosca tráchtearraí ar phlandaí *Prunus domestica* le haghaidh plandú ar de thionscnamh na hÚcráine iad ([4]). D'aithin an tÚdarás *Lopholeucaspis japonica*, *Eotetranychus prunicola*, *Erwinia amylovora* agus *Xanthomonas arboricola* pv. *pruni* mar lotnaidí atá ábhartha maidir leis na plandaí le haghaidh plandú sin, rinne sé meastóireacht ar na bearta maolaithe riosca a bhfuil tuairisc orthu sa sainchomhad agus rinne sé meastachán ar an dóchúlacht atá ann go mbeadh an tráchtearra saor ó na lotnaidí sin.

(6) Liostaítear *Lopholeucaspis japonica* mar lotnaid choraintín de chuid an Aontais in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún ([5]). Liostaítear *Erwinia amylovora* agus *Xanthomonas arboricola* pv. *pruni* mar lotnaidí coraintín de chuid criosanna cosanta in Iarscríbhinn III agus mar lotnaidí neamhchoraintín rialáilte de chuid an Aontais in Iarscríbhinn IV a ghabhann leis an Rialachán sin, faoi seach.

([1]) IO L 317, 23.11.2016, lch. 4.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena mbunaítear liosta sealadach plandaí, táirgí plandaí agus réad eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42 de Rialachán (AE) 2016/2031 agus liosta plandaí nach bhfuil deimhnithe fíteashláintíochta ag teastáil ina leith lena dtabhairt isteach san Aontas, de réir bhrí Airteagal 73 den Rialachán sin (IO L 323, 19.12.2018, lch. 10).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2018 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2018 lena leagtar síos rialacha sonracha maidir leis an nós imeachta atá le leanúint chun an measúnú riosca a dhéanamh ar phlandaí, táirgí plandaí agus réada eile a mbaineann ardriosca leo de réir bhrí Airteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 323, 19.12.2018, lch. 7).

([4]) Painéal EFSA PLH (Painéal EFSA maidir le Sláinte Plandaí), 2022. *Scientific Opinion on the commodity risk assessment of* Prunus domestica *plants from Ukraine* [Tuairim Eolaíoch maidir leis an measúnú riosca tráchtearraí ar phlandaí *Prunus domestica* ón Úcráin]. *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2022;20(6):7391, 76 lch. https://doi.org/10.2903/j.efsa.2022.7391.

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072 ón gCoimisiún an 28 Samhain 2019 lena mbunaítear coinníollacha aonfhoirmeacha maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le bearta cosanta i gcoinne lotnaidí plandaí, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 690/2008 ón gCoimisiún agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 ón gCoimisiún (IO L 319, 10.12.2019, lch. 1).

(7) Ní áirítear *Eotetranychus prunicola* fós sa liosta de lotnaidí coraintín de chuid an Aontais. Mar sin féin, ar bhonn fianaise arna soláthar ag na Ballstáit, níl tionchar suntasach ag an lotnaid sin ar a plandaí óstacha san Aontas. Dá réir sin, ní gá aon cheanglas allmhairiúcháin maidir leis an lotnaid sin.

(8) Ar bhonn na tuairime sin ón Údarás, meastar gur inghlactha atá an riosca fíteashláintíochta ó phlandaí fréamhloma, suanacha, gan duilleoga *Prunus domestica* le haghaidh plandú agus iad beangaithe ar fhréamhstoic *Prunus cerasifera* de thionscnamh na hÚcráine a thabhairt isteach san Aontas, ar choinníoll go gcomhlíontar na ceanglais allmhairiúcháin ábhartha arna leagan amach in Iarscríbhinn VII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/2072.

(9) Dá bhrí sin, plandaí fréamhloma, suanacha, gan duilleoga *Prunus domestica* le haghaidh plandú agus iad beangaithe ar fhréamhstoic *Prunus cerasifera* de thionscnamh na hÚcráine, is iomchuí nach meastar a thuilleadh gur plandaí iad a mbaineann ardriosca leo.

(10) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 a leasú dá réir.

(11) Chun oibleagáidí an Aontais a chomhlíonadh, ar oibleagáidí iad a eascraíonn as Comhaontú na hEagraíochta Trádála Domhanda maidir le Bearta Sláintíochta agus Fíteashláintíochta a Chur i bhFeidhm ([6]), ba cheart allmhairiú na dtráchtearraí sin a atosú a luaithe is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(12) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([6]) IO L 336, 23.12.1994, lch. 40.

IARSCRÍBHINN

Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019

I bpointe 1 den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2019, sa dara colún den tábla "Tuairisc", cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála *Prunus* L.:

"*Prunus* L., seachas plandaí fréamhloma, suanacha, gan duilleoga *Prunus domestica* le haghaidh plandú agus iad beangaithe ar fhréamhstoic *Prunus cerasifera* de thionscnamh na hÚcráine".

CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2023/159 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Eanáir 2023

lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Eanáir 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/72/CBES ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/72/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha go dtí an 31 Eanáir 2024. Ina theannta sin, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, ba cheart na ráitis ar chúiseanna agus an fhaisnéis aitheantais a leasú le haghaidh cúigir agus ba cheart an fhaisnéis aitheantais a nuashonrú do cheathrar eile.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/72/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

"*Airteagal 5*

1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Eanáir 2024.

2. Coimeádfar an Cinneadh seo faoi athbhreithniú leanúnach. Féadfar é a athnuachan nó a leasú, de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh na cuspóirí atá leis.";

(2) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) Cinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle an 31 Eanáir 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis (IO L 28, 2.2.2011, lch. 62).

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/72/CBES, cuirtear na hiontrálacha thíos in ionad na n-iontrálacha seo a leanas i roinn "A. Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1":

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais
"3.	Moncef Ben Mohamed Ben Rhouma TRABELSI	Náisiúntacht: Túinéiseach Áit bhreithe: Tunis, Tunisia Dáta breithe: an 4 Márta 1944 Uimhir Aitheantais: 05000799 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir bainistíochta, mac le Saida DHERIF, pósta le Yamina SOUIEI	Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
9.	Mohamed Naceur Ben Mohamed Ben Rhouma TRABELSI	Náisiúntacht: Túinéiseach Áit bhreithe: Tunis, Tunisia Dáta breithe: an 24 Meitheamh 1948 An seoladh deiridh is eol dúinn: 20 rue El Achfat — Carthage — Tunis, Tunisia Uimhir Aitheantais: 00104253 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir gníomhach gnóthais talmhaíochta, mac le Saida DHERIF, pósta le Nadia MAKNI	Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
12.	Mohamed Adel Ben Mohamed Ben Rehouma TRABELSI	Náisiúntacht: Túinéiseach Áit bhreithe: Tunis, Tunisia Dáta breithe: an 26 Aibreán 1950 Uimhir Aitheantais: 00178522 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir bainistíochta, mac le Saida DHERIF, pósta le Souad BEN JEMIA	Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais
13.	Mohamed Mourad Ben Mohamed Ben Rehouma TRABELSI	Náisiúntacht: Túinéiseach Áit bhreithe: Tunis, Tunisia Dáta breithe: an 25 Meán Fómhair 1955 An seoladh deiridh is eol dúinn: 20 rue Ibn Chabat — Salammbô — Carthage -Tunis, Tunisia Uimhir Aitheantais: 05150331 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: éagtha, POF, mac le Saida DHERIF, pósta le Hela BELHAJ	Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
21.	Houssem Ben Mohamed Naceur Ben Mohamed TRABELSI	Náisiúntacht: Túinéiseach Dáta breithe: an 18 Meán Fómhair 1976 Uimhir Aitheantais: 05412560 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: POF, mac le Najia JERIDI	Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
35.	Slaheddine Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI	Náisiúntacht: Túinéiseach Dáta breithe: an 28 Deireadh Fómhair 1938 Uimhir Aitheantais: 02810614 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: éagtha, mac le Selma HASSEN, pósta le Selma MANSOUR nach maireann	Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.

	Ainm	Faisnéis aitheantais	Forais
42.	Ghazoua Bent Hamed Ben Taher BOUAOUINA	Náisiúntacht: Túinéiseach Áit bhreithe: Monastir Dáta breithe: an 30 Lúnasa 1982 Uimhir Aitheantais: 08434380 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: baineann Faisnéis eile: iníon le Hayet BEN ALI, pósta le Badreddine BENNOUR	Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile, agus baint aici le Hayet Ben Ali (Uimh. 33).
46.	Mehdi Ben Tijani Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI	Náisiúntacht: Túinéiseach, Francach Áit bhreithe: Paris, France Dáta breithe: an 27 Deireadh Fómhair 1966 Uimhir Aitheantais: 05515496 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir cuideachta, mac le Paulette HAZAT	Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí (iar-Uachtarán Ben Ali) chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile.
48.	Sofiene Ben Habib Ben Haj Hamda BEN ALI	Náisiúntacht: Túinéiseach Áit bhreithe: Tunis, Tunisia Dáta breithe: an 28 Lúnasa 1974 An seoladh deiridh is eol dúinn: 23 rue Ali Zlitni, El Manar 2-Tunis, Tunisia Uimhir Aitheantais: 04622472 Tír eisiúna: Tunisia Inscne: fireann Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir díolacháin, mac le Leila DEROUICHE	Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile."

CINNEADH (CBES) 2023/160 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Eanáir 2023

lena leasaítear Cinneadh 2010/231/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 26 Aibreán 2010, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2010/231/CBES ([1]).

(2) An 17 Samhain 2022, ghlac Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe Rún 2662 (2022). Athdhearbhaítear leis an Rún sin an trádbhac arm ar an tSomáil agus leasaítear leis cur i bhfeidhm maoluithe agus díolúintí a bhaineann le hairm agus ábhair ghaolmhara a sheachadadh chuig institiúidí slándála agus póilíneachta na Somáile ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil. Leis an Rún sin athdhearbhaítear freisin an toirmeasc ar fhioghual a allmhairiú ón tSomáil, agus dearbhaítear freisin srianta ar chomhpháirteanna de ghairis phléascacha sheiftithe a dhíol leis an tSomáil, a sholáthar di nó a aistriú chuici.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2010/231/CBES a leasú dá réir sin.

(4) Ní mór don Aontas tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun bearta áirithe den Chinneadh seo a chur chun feidhme,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Cinneadh 2010/231/CBES mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ní bheidh feidhm ag míreanna 1 ná 2 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, agus soláthar díreach nó indíreach comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, atá ceaptha lena n-úsáid ag pearsanra na Náisiún Aontaithe, lena n-áirítear Misean Cúnaimh na Náisiún Aontaithe sa tSomáil, nó chun tacú leo agus sin amháin;

(b) soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, agus soláthar díreach nó indíreach comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, atá ceaptha lena n-úsáid ag Misean Aistrithe an Aontais Afracaigh sa tSomáil (ATMIS) agus a chomhpháirtithe straitéiseacha, nó chun tacú leo, agus sin amháin, agus iad ag feidhmiú faoi Choincheap Straitéiseach um Oibríochtaí an Aontais Afracaigh (AA), agus faoin gCoincheap sin amháin, agus i gcomhar agus i gcomhordú le ATMIS;

([1]) Cinneadh 2010/231/CBES an 26 Aibreán 2010 a bhaineann le bearta sriantacha i gcoinne na Somáile agus lena n-aisghairtear Comhsheasamh 2009/138/CBES (IO L 105, 27.4.2010, lch. 17).

(c) soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, agus soláthar díreach nó indíreach comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, atá ceaptha lena n-úsáid le haghaidh ghníomhaíochtaí oiliúna agus tacaíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, na Tuirce, Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann agus Stáit Aontaithe Mheiriceá, nó chun tacú leo agus sin amháin, chomh maith le haon fhórsaí Stáit eile atá ag feidhmiú laistigh de Phlean Aistrithe na Somáile (STP), nó a bhfuil comhaontú maidir le stádas fórsaí nó meabhrán tuisceana le Rialtas Cónaidhme na Somáile (FGS) chun críocha Rún 2662 (2022) ó na Náisiúin Aontaithe, ar choinníoll go gcuireann siad an Coiste Smachtbhannaí ar an eolas faoi chomhaontuithe den sórt sin a thabhairt i gcrích;

(d) soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál agus soláthar comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile, agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata, atá ceaptha d'fhorbairt institiúidí slándála agus póilíneachta na Somáile ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil, chun slándáil a chur ar fáil do mhuintir na Somáile agus chuige sin amháin. Beidh seachadadh na n-earraí a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III, agus soláthar comhairle teicniúla, cúnaimh airgeadais agus cúnaimh eile, agus oiliúna a bhaineann le gníomhaíochtaí míleata faoi réir na gceanglas ábhartha formheasa nó fógartha mar a leanas:

(i) beidh soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál a leagtar amach in Iarscríbhinn II atá ceaptha d'fhorbairt institiúidí slándála agus póilíneachta na Somáile, agus chuige sin amháin, chun slándáil a chur ar fáil do mhuintir na Somáile, faoi réir formheas roimh ré ón gCoiste Smachtbhannaí, mar a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo, agus féadfar iad a chur ar fáil in éagmais cinneadh diúltach ón gCoiste Smachtbhannaí laistigh de 5 lá oibre tar éis fógra den sórt sin a fháil ón tSomáil, ó na Ballstáit nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha agus foréigiúnacha a thugann cúnamh;

(ii) beidh soláthar, díol nó aistriú arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál a leagtar amach in Iarscríbhinn III atá ceaptha d'fhorbairt institiúidí slándála agus póilíneachta na Somáile, agus chuige sin amháin, chun slándáil a chur ar fáil do mhuintir na Somáile agus chuige sin amháin, faoi réir réamhfhógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí chun críocha faisnéise, mar a leagtar amach i mír 4 den Airteagal seo, arna tíolacadh 5 lá oibre roimh ré ag an tSomáil, na Ballstáit nó eagraíochtaí idirnáisiúnta, réigiúnacha agus foréigiúnacha a thugann cúnamh;

(e) soláthar, díol nó aistriú éadaí cosanta, lena n-áirítear seaicéid philéardhíonacha agus clogaid mhíleata arna n-onnmhairiú go sealadach chuig an tSomáil ag pearsanra na Náisiún Aontaithe, ionadaithe na meán agus oibrithe daonnúla agus forbartha agus pearsanra gaolmhar dá n-úsáid phearsanta amháin;

(f) soláthar, díol nó aistriú trealaimh mhíleata neamh-mharfaigh arna ndéanamh ag na Ballstáit, ag eagraíochtaí idirnáisiúnta réigiúnacha nó foréigiúnacha atá ceaptha d'úsáid dhaonnúil nó chosantach, agus chuige sin amháin.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Is ar údaráis na Somáile atá an phríomhfhreagracht fógra a thabhairt don Choiste Smachtbhannaí maidir le haon airm nó ábhar gaolmhar d'aon cheann de na cineálacha uile a leagtar amach in Iarscríbhinní II agus III a sheachadadh d'institiúidí slándála agus póilíneachta na Somáile, mar a leagtar amach faoi mhír 3,pointe (d), den Airteagal seo. Áireofar sna fógraí sonraí faoi mhonaróir agus soláthróir na n-arm agus ábhair ghaolmhair de gach cineál, tuairisc ar na hairm agus ar an armlón lena n-áirítear an cineál, sraithuimhreacha, an calabra agus an chainníocht, an dáta agus an áit seachadta atá beartaithe, agus gach faisnéis ábhartha a bhaineann leis an aonad cinn scríbe nó an áit stórála atá beartaithe.';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4a:

'4a. Tráth nach déanaí ná 30 lá tar éis airm agus ábhar gaolmhar de gach cineál a sheachadadh, cuirfidh an tSomáil nó an Ballstát soláthair nó an eagraíocht idirnáisiúnta, réigiúnach nó fhoréigiúnach a sheachadann an cúnamh, fógra iarsheachadta faoi bhráid an Choiste Smachtbhannaí i bhfoirm dearbhú i scríbhinn ar chur i gcrích aon seachadta, lena n-áirítear na sraithuimhreacha le haghaidh na n-arm agus an ábhair ghaolmhair de gach cineál arna seachadadh, faisnéis loingseoireachta, bille luchta, lastliostaí nó liostaí pacála, agus an áit shonrach stórála.';

(d) scriostar mír 4b;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

'5. Beidh toirmeasc ar aon airm nó trealamh míleata, arna ndíol nó arna soláthar i gcomhréir le hAirteagal 1(3)(d) chun institiúidí slándála agus póilíneachta na Somáile a fhorbairt, agus chuige sin amháin, a sholáthar, a athdíol, a aistriú nó a chur ar fáil lena n-úsáid, d'aon duine nó eintiteas nach bhfuil i mbun seirbhíse do na hinstitiúidí slándála agus póilíneachta de chuid na Somáile dár díoladh nó dár soláthraíodh iad an chéaduair, nó don Bhallstát díolacháin nó soláthair nó d'eagraíocht idirnáisiúnta, réigiúnach nó fhoréigiúnach.'.

(2) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

'*Airteagal 2*

1. Déanfar bearta sriantacha dá bhforáiltear in Airteagail 3, 5(1) agus 6(1) agus (2) a fhorchur ar dhaoine agus ar eintitis arna n-ainmniú ag an gCoiste Smachtbhannaí mar seo a leanas:

(a) a bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a chuireann síocháin, slándáil nó cobhsaíocht na Somáile i mbaol, nó tacaíocht a thabhairt do na gníomhaíochtaí sin, ar gníomhaíochtaí iad a chuimsíonn an méid seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh:

(i) gníomhaíochtaí a bhaineann le foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe a phleanáil, a stiúradh nó a dhéanamh;

(ii) gníomhaíochtaí a chuireann próiseas na síochána agus an athmhuintearais sa tSomáil i mbaol;

(iii) gníomhaíochtaí a chuireann Rialtas Cónaidhme na Somáile nó ATMIS i mbaol le forneart;

(b) tar éis gníomhú de shárú ar an trádbhac arm nó ar na srianta maidir le hathdhíol agus aistriú arm nó ar an toirmeasc ar chúnamh gaolmhar a sholáthar dá dtagraítear in Airteagal 1;

(c) bac a chur ar chúnamh daonnúil a thabhairt don tSomáil, nó bac a chur ar é a rochtain, nó ar chúnamh daonnúil a dháileadh sa tSomáil;

(d) a bheith ina gceannairí polaitiúla nó míleata ag earcú nó ag úsáid leanaí i gcoinbhleachtaí armtha sa tSomáil de shárú ar an dlí idirnáisiúnta is infheidhme;

(e) a bheith freagrach as sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta is infheidhme sa tSomáil ina ndírítear ar shibhialtaigh, lena n-áirítear leanaí agus mná i gcásanna coinbhleachta armtha, lena n-áirítear marú agus ballbhascadh, foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe, ionsaithe ar scoileanna agus ar ospidéil agus fuadach agus easáitiú éigeantais;

(f) a bheith bainteach le Al-Shabaab, gníomhartha agus gníomhaíochtaí a léiríonn go bhfuil baint ag duine aonair nó eintiteas le Al-Shabaab, lena n-áirítear:

(i) a bheith rannpháirteach i maoiniú, pleanáil, éascú, ullmhú, gníomhartha nó gníomhaíochtaí a dhéanann Al-Shabaab, nó iad a dhéanamh i gcomhar leo, nó a dhéantar faoi ainm Al-Shabaab, nó thar a gceann ainm nó mar thaca le Al-Shabaab;

(ii) airm agus ábhar gaolmhar a sholáthar do Al-Shabaab, a dhíol leo nó a aistriú chucu; agus

(iii) earcú do Al-Shabaab, nó tacú ar shlí eile le gníomhartha nó gníomhaíochtaí Al-Shabaab nó aon chill, cleamhnaí, foghrúpa de Al-Shabaab nó díorthach de.

2. liostaítear na daoine agus na heintitis ábhartha in Iarscríbhinn I.'.

(3) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4a:

'*Airteagal 4a*

Féadfaidh na Ballstáit, i gcomhréir le míreanna 11 go 21 de Rún 2182 (2014) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, cigireacht a dhéanamh, in uiscí teorann na Somáile agus ar an mórmhuir amach ó chósta na Somáile, chomh fada leis an bhFarraige Arabach agus Murascaill na Peirse, agus á n-áireamh, ag gníomhú dóibh go náisiúnta nó trí chomhpháirtíochtaí cabhlaigh deonacha, ilnáisiúnta, amhail 'Comhfhórsaí Muirí', i gcomhar le Rialtas Cónaidhme na Somáile, ar shoithí atá ar a slí go dtí an tSomáil nó ag teacht ón tSomáil agus a bhfuil forais réasúnacha acu lena chreidiúint go bhfuil siad i mbun aon cheann díobh seo a leanas:

(a) fioghual a iompar ón tSomáil de shárú ar an gcosc ar fhioghual;

(b) airm nó trealamh míleata a iompar chuig an tSomáil, go díreach nó go hindíreach, de shárú ar an trádbhac arm ar an tSomáil;

(c) airm nó trealamh míleata a iompar chuig daoine aonair nó chuig eintitis arna n-ainmniú ag an gCoiste Smachtbhannaí;

(d) ina n-iompraítear comhpháirteanna de ghaireas pléascach seiftithe (IED) a shainaithnítear i gCuid I d'Iarscríbhinn C a ghabhann le Rún 2662 (2022) ó na Náisiúin Aontaithe de shárú ar an toirmeasc ar chomhpháirteanna IED.'.

(4) Cuirtear Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn II;

(5) Cuirtear Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinn III.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh i/in/sa 23 Eanáir 2023,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

IARSCRÍBHINN I

'IARSCRÍBHINN II

LIOSTA NA nEARRAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1(3), POINTE (d)(i.)

1. Diúracáin dromchla go haer, lena n-áirítear córais aerchosanta iniompartha (MANPADS).

2. Airm a bhfuil calabra níos mó ná 14.7 mm acu, agus comhpháirteanna atá saindeartha dóibh sin, agus an t-armlón a ghabhann leo. (Ní áirítear leis sin teilgeoirí roicéad fritancanna arna scaoileadh ón ngualainn amhail gránáidí roicéadtiomána (RPGanna), córais arm uathrialaitheach marfach (LAWanna), gránáidí raidhfil nó teilgeoirí gránáide.);

3. Moirtéir le calabra níos mó na 82 mm agus an t-armlón a ghabhann leo.

4. Airm threoraithe fritancanna, lena n-áirítear diúracáin threoraithe fritancanna (ATGManna) agus armlón agus comhpháirteanna atá saindeartha do na hearraí sin.

5. Lánáin agus gléasanna atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata; mianaigh agus ábhar gaolmhar;

6. Treoracha airm le cumas oíche níos mó ná cumas ghlúin 2.

7. Aerárthaí sciatháin dhobhogtha, fiarsciatháin, claonrótair nó sciatháin rothlaigh, atá saindeartha nó modhnaithe le haghaidh úsáid mhíleata.

8. 'Soithí' agus feithiclí amfaibiacha atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata. (Áirítear le 'soitheach' aon long, feithicil a bhfuil éifeachtaí dromchlacha aici, feithicil a bhfuil limistéar beag plána uisce nó duillárthach aici, agus cabhail nó cuid de chabhail soithigh.)

9. Aerárthaí comhraic gan foireann (arna liostáil faoi Chatagóir IV i gClár na Náisiún Aontaithe um Ghnáth-Arm).'

IARSCRÍBHINN II

'IARSCRÍBHINN III

LIOSTA NA nEARRAÍ DÁ dTAGRAÍTEAR IN AIRTEAGAL 1(3), POINTE (d)(ii)

1. Gach cineál arm a bhfuil calabra suas le 14.7 mm aige, agus an t-armlón a ghabhann leo.

2. RPG-7 agus gunna neamh-athchasta, agus armlón lena mbaineann.

3. Treoracha airm le cumas oíche ghlúin 2 nó níos lú.

4. Árthaí sciatháin rótair nó héileacaptair atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata.

5. Plátaí armúir colainne crua a thugann cosaint bhalaistíoch atá ar leibhéal III (NIJ 0101.06 Iúil 2008) nó atá níos airde ná an leibhéal sin nó coibhéisí náisiúnta.

6. Feithiclí talún atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata.

7. Trealamh cumarsáide atá saindeartha nó modhnuithe d'úsáid mhíleata.'

CINNEADH (CBES) 2023/161 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Eanáir 2023

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2021/649 maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Rúnaíocht CTA mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 16 Aibreán 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES)2021/649 ([1]).

(2) Le hAirteagal 5 de Chinneadh (CBES) 2021/649 sonraítear gur cheart don Chinneadh dul in éag 24 mhí tar éis thabhairt i gcrích an chomhaontaithe dá dtagraítear in Airteagal 3(3), eadhon an 20 Bealtaine 2023.

(3) An 23 Meán Fómhair 2022, d'iarr Rúnaíocht an Chonartha Trádála Arm (CTA), atá freagrach as cur chun feidhme teicniúil na ngníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2021/649, le litir síneadh gan chostas 5 mhí a chur le tréimhse chur chun feidhme an Chinnidh sin. Leis an síneadh sin, bheadh Rúnaíocht CTA in ann na gníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2021/649 a thabhairt chun críche, a raibh tionchar diúltach ag moilleanna earcaíochta agus ag paindéim COVID-19 ar chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí sin.

(4) Maidir le síneadh a chur le tréimhse chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí tionscadail dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2021/649 go dtí an 20 Deireadh Fómhair 2023, níl aon impleachtaí aige a mhéid a bhaineann le hacmhainní airgeadais.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2021/649 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara habairt:

"Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 20 Deireadh Fómhair 2023.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

([1]) Cinneadh (CBES) 2021/649 ón gComhairle an 16 Aibreán 2021 maidir le tacaíocht ón Aontas do ghníomhaíochtaí Rúnaíocht CTA mar thaca le cur chun feidhme an Chonartha Trádála Arm (IO L 133, 20.4.2021, lch. 59).

CINNEADH (CBES) 2023/162 ÓN gCOMHAIRLE

an 23 Eanáir 2023

maidir le misean de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 6 Deireadh Fómhair 2022, ag cruinniú den Chomhphobal Polaitiúil Eorpach i bPrág, dhearbhaigh Poblacht na hAirméine agus Poblacht na hAsarbaiseáine a dtiomantas do Chairt na Náisiún Aontaithe agus don Dearbhú a comhaontaíodh in Alma Ata an 21 Nollaig 1991, inar aithin an dá Stát iomláine chríochach agus ceannasacht a chéile.

(2) I litir a fuair Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ("an tArdionadaí"), d'iarr Aire Eachtrach Phoblacht na hAirméine ar an Aontas Misean sibhialtach a imscaradh san Airméin faoin gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC).

(3) An 19 Eanáir 2023 d'fhormheas an Chomhairle Coincheap Bainistithe Géarchéime do Mhisean sibhialtach CBSC a d'fhéadfaí a dhéanamh san Airméin. Ba cheart, dá bhrí sin, an Misean sin a bhunú.

(4) Ba cheart don Choiste Polaitiúil agus Slándála, faoi fhreagracht na Comhairle agus an Ardionadaí, rialú polaitiúil a fheidhmiú ar an Misean sibhialtach CBSC san Airméin, treoir straitéiseach a chur ar fáil di agus na cinntí ábhartha a dhéanamh i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 38 den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

(5) Ní mór comhaontuithe idirnáisiúnta a chaibidil agus a thabhairt i gcrích a bhaineann le stádas aonad agus pearsanra faoi stiúir an Aontais agus le rannpháirtíocht tríú Stáit sa Mhisean.

(6) Cuirfear an Misean i gcrích i gcomhthéacs staid a d'fhéadfadh dul in olcas agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach iad in Airteagal 21 den Chonradh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Misean

1. Bunaíonn an tAontas leis seo Misean sibhialtach de chuid an Aontais Eorpaigh san Airméin (EUMA) faoi CBSC.

2. Beidh EUMA mar chuid den rannchuidiú a dhéanfaidh an tAontas, mar ghníomhaí neamhchlaonta inchreidte, chun timpeallacht shábháilte chobhsaí a chruthú i limistéir ina bhfuil coinbhleacht san Airméin, ar faoina chuimsiú a fhéadfar, mar gheall ar shlándáil feabhsaithe do dhaoine agus normalú an chaidrimh idir an Airméin agus an Asarbaiseáin ar an láthair, dul chun cinn breise a dhéanamh i dtreo comhaontú síochána féideartha.

Airteagal 2

Sainordú

1. Is é an cuspóir straitéiseach a bheidh ag EUMA rannchuidiú le líon na dteagmhas a laghdú i limistéir ina bhfuil coinbhleacht agus i limistéir teorann san Airméin, leibhéal na rioscaí a laghdú don phobal atá ina gcónaí sna limistéir sin agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le normalú an chaidrimh idir an Airméin agus an Asarbaiseáin ar an láthair.

2. Chun na críche sin, rannchuideoidh an Misean le cothú muiníne idir an Airméin agus an Asarbaiseáin, ar bhealaí a sheasfaidh lena inchreidteacht mar ghníomhaí neamhchlaonta, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) breathnú trí ghnáthphatrólú agus tuairisciú a dhéanamh ar an staid ar an láthair agus ar aon teagmhais a bhaineann le coinbhleacht, chun feasacht mhionsonraithe ar an staid slándála a áirithiú;

(b) rannchuidiú le slándáil an duine i limistéir ina bhfuil coinbhleacht, *inter alia* trí fhaisnéis a bhailiú trí phatrólú ad hoc agus trí thuairisciú a dhéanamh ar chásanna ina bhfuil an bheatha agus cearta bunúsacha an duine i mbaol de bharr iarmhairtí díreacha nó indíreacha na coinbhleachta;

(c) bunaithe ar a chuid gníomhaíochtaí faoi fhomhíreanna (a) agus (b) agus trína láithreacht bhuan infheicthe ar an talamh, rannchuidiú le muinín a chothú idir pobail na hAirméine agus na hAsarbaiseáine agus, i gcás inar féidir, idir údaráis na dtíortha sin, mar thaca leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht sa réigiún.

3. Déanfar an dlí daonnúil idirnáisiúnta, cearta an duine agus prionsabal an chomhionannais inscne, cosaint na sibhialtach agus na cláir oibre faoi Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil, Rún 2250 (2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir leis an Óige, an tSíocháin agus an tSlándáil agus Rún 1612 (2005) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Leanaí agus Coinbhleacht Armtha a chomhtháthú go hiomlán agus a phríomhshruthú go réamhghníomhach i bpleanáil straitéiseach agus oibríochtúil, i ngníomhaíochtaí agus i dtuairisciú an Mhisin.

Airteagal 3

Slabhra ceannais agus struchtúr

1. Beidh slabhra ceannais aontaithe ag an Misean ós oibríocht bainistithe géarchéime é.

2. Is san Airméin a bheidh ceanncheathrú an Mhisin.

3. Déanfar an Misean a struchtúrú i gcomhréir lena dhoiciméid phleanála.

Airteagal 4

Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha

1. Is é an Stiúrthóir Bainistíochta um Chumas Sibhialtach Pleanála agus Seolta (CPCC) a bheidh ina Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha ar an Misean. Beidh an CPCC ar fáil don Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha chun an Misean a phleanáil agus a stiúradh.

2. Is é an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha, faoi rialú polaitiúil agus faoi stiúradh straitéiseach an Choiste Pholaitiúil agus Slándála agus údarás foriomlán an Ardionadaí, a bheidh i gceannas ar an Misean agus a rialóidh é ar an leibhéal straitéiseach.

3. Áiritheoidh an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha go gcuirfear cinntí na Comhairle agus an Choiste Polaitiúil agus Slándála chun feidhme go cuí agus go héifeachtach maidir le hoibríochtaí a chur i gcrích, lena n-áirítear trí threoracha a eisiúint ar an leibhéal straitéiseach chuig an gCeann Misin de réir mar a cheanglaítear agus trí chomhairle agus tacaíocht theicniúil a chur ar fáil dó nó di.

4. Tuairisceoidh an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha don Chomhairle tríd an Ardionadaí.

5. Maidir leis an bhfoireann uile ar iasacht, fanfaidh sí, i gcomhréir le rialacha náisiúnta, faoi cheannas iomlán údaráis náisiúnta Stát tionscnaimh na hinstitiúide de chuid an Aontais lena mbaineann nó na Seirbhíse Eorpaí Gníomhaíochta Seachtraí (SEGS), faoi seach. Aistreoidh na húdaráis sin Rialú Oibríochtúil a bhfoirne chuig an gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha.

6. Beidh sé de fhreagracht fhoriomlán ar an gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha a áirithiú go gcomhlíonfar dualgas cúraim an Aontais mar is gceart.

7. Rachaidh an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha, Cinn Thoscaireachtaí an Aontais Eorpaigh chuig an Airméin agus an Asarbaiseáin, agus Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh do Chugas Theas agus don Ghéarchéim sa tSeoirsia ("ISAE") i gcomhairle le chéile de réir mar is gá.

Airteagal 5

Ceann Misin

1. Glacfaidh an Ceann Misin freagracht as an Misean agus beidh sé i gceannas air agus rialóidh sé é, ar leibhéal láthair na n-oibríochtaí. Beidh an Ceann Misin freagrach go díreach don Cheannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha agus gníomhóidh an duine sin i gcomhréir leis na treoracha a fhaightear.

2. Is é an Ceann Misin ionadaí an Mhisin ina réimse freagrachta.

3. Is ar an gCeann Misin a bheidh freagracht riaracháin agus lóistíochta an Mhisin, lena n-áirítear freagracht as na sócmhainní, na hacmhainní agus an fhaisnéis a cuireadh ar fáil don Mhisean. Féadfaidh an Ceann Misin cúraimí bainistíochta i gcúrsaí foirne agus airgeadais a tharmligean chuig baill foirne an Mhisin, faoina fhreagracht fhoriomlán féin nó faoina freagracht fhoriomlán féin.

4. Is é an Ceann Misin a bheidh freagrach as rialú araíonachta ar fhoireann an Mhisin. Maidir leis an bhfoireann uile ar iasacht, is iad údaráis náisiúnta Stát tionscnaimh na hinstitiúide de chuid an Aontais lena mbaineann nó SEGS, faoi seach, a thionscnóidh caingean araíonachta, i gcomhréir le rialacha náisiúnta.

5. Áiritheoidh an Ceann Misin infheictheacht iomchuí an Mhisin.

Airteagal 6

Foireann

1. Is foireann ar iasacht ó na Ballstáit, ó institiúidí an Aontais nó ó SEGS a bheidh go príomha i bhfoireann an Mhisin. Íocfaidh gach Ballstát, gach institiúid de chuid an Aontais agus SEGS na costais a bhaineann le haon duine den fhoireann a bheidh ar iasacht aige, lena n-áirítear speansais taistil chuig áit an imscartha agus uaidh, tuarastail, cumhdach leighis agus liúntais seachas na liúntais laethúla is infheidhme.

2. Is iad an Ballstát, an institiúid de chuid an Aontais, nó SEGS faoi seach a bheidh freagrach as aon éilimh a fhreagairt a bhaineann leis an iasacht ó na comhaltaí foirne a thug siad ar iasacht nó a bhaineann leo, agus as aon chaingean a thionscnamh i gcoinne na ndaoine sin.

3. Féadfaidh an Misean baill foirne idirnáisiúnta agus áitiúla a earcú ar bhonn conarthach mura féidir le pearsanra ar iasacht ó na Ballstáit na feidhmeanna is gá a chur ar fáil. Go heisceachtúil, i gcásanna cuí-réasúnaithe, nuair nach bhfuil aon iarratasóirí cáilithe ó na Ballstáit ar fáil, féadfar náisiúnaigh ó thríú Stáit rannpháirteacha a earcú ar bhonn conarthach, mar is iomchuí.

4. Leagfar síos coinníollacha fostaíochta agus cearta agus oibleagáidí na foirne idirnáisiúnta agus áitiúla sna conarthaí idir an Misean agus an ball foirne lena mbaineann.

Airteagal 7

Stádas an Mhisin agus a fhoirne

Beidh stádas an Mhisin agus a fhoirne, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, na pribhléidí, na díolúintí agus na ráthaíochtaí breise is gá chun an Misean a chomhlánú agus a fheidhmiú go rianúil, ina n-ábhar do chomhaontú arna thabhairt i gcrích de bhun Airteagal 37 CAE agus i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

Airteagal 8

Rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach

1. Déanfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála rialú polaitiúil ar an Misean agus tabharfaidh sé treoir straitéiseach dó faoi fhreagracht na Comhairle agus an Ardionadaí. Leis seo, údaraíonn an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a dhéanamh chun na críche sin i gcomhréir leis an tríú mír d'Airteagal 38 CAE. Áireofar san údarú sin an chumhacht chun Ceann Misin a cheapadh, ar thogra ón Ardionadaí, agus an Plean Oibríochtaí (OPLAN) a leasú. Leanfaidh na cumhachtaí cinnteoireachta maidir le cuspóirí agus foirceannadh an Mhisin de bheith dílsithe don Chomhairle. Foilseofar na cinntí a dhéanann an Coiste Polaitiúil agus Slándála maidir le ceapadh an Chinn Misin in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

2. Tuairisceoidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála don Chomhairle go tráthrialta.

3. Gheobhaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála tuarascálacha ón gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha agus ón gCeann Misin maidir le saincheisteanna laistigh dá réimsí freagrachta ar bhonn rialta agus de réir mar is gá.

Airteagal 9

Rannpháirtíocht tríú Stáit

1. Gan dochar do neamhspleáchas cinnteoireachta an Aontais agus dá chreat institiúideach aonair, féadfar a iarraidh ar thríú Stáit rannchuidiú leis an Misean, ar choinníoll go seasfaidh siad costas na foirne a thabharfaidh siad ar iasacht, lena n-áirítear tuarastail, gach cumhdach árachais riosca, gach liúntas cothaithe laethúil agus gach speansas taistil chuig an Airméin agus uaithi, agus go rannchuideoidh siad le costais reatha an Mhisin, de réir mar is iomchuí.

2. Beidh na cearta agus na hoibleagáidí céanna ó thaobh bhainistiú laethúil an Mhisin ag tríú Stáit a rannchuidíonn leis an Misean agus atá ag na Ballstáit.

3. Leis seo, údaraíonn an Chomhairle don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí ábhartha a ghlacadh maidir leis na ranníocaíochtaí beartaithe a ghlacadh agus Coiste Ranníocóirí a bhunú.

4. Cumhdófar socruithe mionsonraithe maidir le rannpháirtíocht tríú Stáit le comhaontuithe arna dtabhairt i gcrích i gcomhréir le hAirteagal 37 CAE agus le socruithe teicniúla breise de réir mar is gá. I gcás ina dtabharfaidh an tAontas agus tríú Stát comhaontú i gcrích lena mbunaítear creat do rannpháirtíocht an tríú Stát sin in oibríochtaí bainistithe géarchéime de chuid an Aontais, nó i gcás ina mbeidh comhaontú tugtha i gcrích acu cheana, beidh feidhm ag forálacha an chomhaontaithe sin i gcomhthéacs an Mhisin.

Airteagal 10

An tslándáil

1. Stiúrfaidh an Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha an phleanáil arna déanamh ag an gCeann Misin maidir le bearta slándála agus áiritheoidh sé go gcuirfidh an Misean na bearta sin chun feidhme go cuí agus go héifeachtach i gcomhréir le hAirteagal 4.

2. Beidh an Ceann Misin freagrach as slándáil an Mhisin agus as a áirithiú go gcomhlíonfar na híoscheanglais slándála is infheidhme maidir leis, i gcomhréir le beartas an Aontais maidir le slándáil an phearsanra a imscartar lasmuigh den Aontas i gcáil oibríochtúil faoi Theideal V CAE, agus i gcomhréir le hionstraimí tacaíochta an bheartais sin.

3. Tabharfaidh Oifigeach Slándála Misin cúnamh don Cheann Misin, agus tabharfaidh an t-oifigeach sin tuairisc don Cheann Misin agus beidh dlúthchaidreamh feidhmiúil aige le SEGS.

4. Cuirfear oiliúint slándála éigeantach ar fhoireann an Mhisin sula rachaidh siad i mbun a gcuid dualgas, i gcomhréir le OPLAN. Gheobhaidh siad oiliúint athnuachana rialta ar láthair na n-oibríochtaí freisin, rud a eagróidh an tOifigeach Slándála Misin.

5. Áiritheoidh an Ceann Misin go ndéanfar faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE ón gComhairle ([1]).

Airteagal 11

Cumas Faire

Déanfar an Cumas Faire a ghníomhachtú le haghaidh an Mhisin.

Airteagal 12

Socruithe dlíthiúla

Beidh sé d'acmhainn ag an Misean seirbhísí agus soláthairtí a fháil, conarthaí agus socruithe riaracháin a dhéanamh, foireann a fhostú, cuntais bhainc a shealbhú, sócmhainní a fháil agus a dhiúscairt agus a dhliteanais a urscaoileadh, agus a bheith ina pháirtí in imeachtaí dlíthiúla, de réir mar is gá chun an Cinneadh seo a chur chun feidhme.

Airteagal 13

Socruithe airgeadais

1. EUR 8 103 590,82 a bheidh sa mhéid tagartha airgeadais a bheartaítear chun an caiteachas a bhaineann leis an Misean a chumhdach ar feadh 4 mhí tar éis theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Is í an Chomhairle a chinnfidh an méid tagartha airgeadais d'aon tréimhse ina dhiaidh sin.

2. Bainisteofar an caiteachas uile i gcomhréir leis na rialacha agus leis na nósanna imeachta is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais. Beidh rannpháirtíocht daoine nádúrtha agus dlítheanacha i ndámhachtain conarthaí soláthair ag an Misean ar oscailt gan teorainneacha. Thairis sin, ní bheidh feidhm ag aon riail tionscnaimh maidir leis na hearraí arna gceannach ag an Misean. Faoi réir fhormheas an Choimisiúin, féadfaidh an Misean socruithe teicniúla a thabhairt i gcrích leis na Ballstáit, leis an Stát óstach, le tríú Stáit rannpháirteacha agus le gníomhaithe idirnáisiúnta eile maidir le trealamh, seirbhísí agus áitribh a sholáthar don Mhisean.

3. Beidh an Misean freagrach as a bhuiséad a chur chun feidhme. Chun na críche sin, síneoidh an Misean comhaontú leis an gCoimisiún. Urramóidh na socruithe airgeadais an slabhra ceannais dá bhforáiltear in Airteagail 3, 4 agus 5 agus riachtanais oibríochtúla an Mhisin.

4. Tuairisceoidh an Misean go hiomlán don Choimisiún, agus déanfaidh an Coimisiún maoirseacht air, maidir leis na gníomhaíochtaí airgeadais arna ndéanamh faoi chuimsiú a gcomhaontaithe.

5. Beidh an caiteachas a bhaineann leis an Misean incháilithe amhail ón dáta a nglacfar an Cinneadh seo.

Airteagal 14

Saoráid forbartha muiníne

1. Beidh saoráid forbartha muiníne ag an Misean chun tionscadail a shainaithint agus a chur chun feidhme mar thaca lena chúram faoi Airteagal 2, mír 2(c).

2. Maidir leis na tionscadail arna gcur chun feidhme ag na Ballstáit agus ag tríú Stáit atá faoina gcúram i réimsí a bhaineann leis an Misean, déanfaidh an t-aonad tionscadail sin na tionscadail sin a éascú agus cuirfidh sé comhairle ar fáil i dtaca leo, de réir mar is iomchuí, chun tacú lena chuspóirí.

([1]) Cinneadh ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2013 maidir leis na rialacha slándála chun faisnéis rúnaicmithe AE a chosaint (IO L 274, 15.10.2013, lch. 1).

3. Údarófar an Misean dul i muinín ranníocaíochtaí airgeadais ó na Ballstáit nó ó thríú Stáit chun tionscadail a chur chun feidhme, ar tionscadail iad a sainaithneofar mar bhearta lena bhforlíontar gníomhaíochtaí eile an Mhisin ar bhealach comhsheasmhach, más amhlaidh:

(a) go bhforáiltear don tionscadal sa ráiteas airgeadais a bhaineann leis an gCinneadh seo; nó

(b) go ndéantar an tionscadal a chomhtháthú le linn an tsainordaithe trí bhíthin leasú a dhéanamh ar an ráiteas airgeadais arna iarraidh ag an gCeann Misin.

4. Tabharfaidh an Misean socrú i gcrích leis na Stáit sin, socrú lena gcumhdófar na nósanna imeachta sonracha chun déileáil le haon ghearán ó thríú páirtithe maidir le damáiste arna dhéanamh mar thoradh ar ghníomhartha nó ar neamhghníomhartha de chuid an Mhisin maidir le húsáid na gcistí arna soláthar ag na Stáit sin. Ní fhéadfaidh na Stáit is ranníocóirí iad in imthosca ar bith an tAontas ná an tArdionadaí a chur faoi dhliteanas as gníomhartha nó as neamhghníomhartha arna ndéanamh ag an Misean agus na cistí arna soláthar ag na Stáit sin á n-úsáid acu.

5. Tiocfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála ar chomhaontú maidir le ranníocaíocht airgeadais ó thríú Stáit a thabhairt don Aonad Tionscadail.

Airteagal 15

Comhsheasmhacht fhreagairt agus chomhordú an Aontais

1. Áiritheoidh an tArdionadaí comhsheasmhacht chur chun feidhme an Chinnidh seo le gníomhaíocht sheachtrach an Aontais ina hiomláine, lena n-áirítear cláir chúnaimh an Aontais.

2. Gan dochar don slabhra ceannais, gníomhóidh an Ceann Misin i ndlúthchomhar le toscaireacht an Aontais chuig an Airméin agus le ISAE chun comhsheasmhacht ghníomhaíocht an Aontais san Airméin a áirithiú; go háirithe, gheobhaidh an Ceann Misin treoir pholaitiúil ó Cheann Thoscaireacht an Aontais chuig an Airméin maidir leis an gcaidreamh le húdaráis na hAirméine agus ó ISAE i ndáil leis an gcaidreamh idir an Airméin agus an Asarbaiseáin.

3. Ina theannta sin, gan dochar don slabhra ceannais, coinneoidh an Ceann Misin an Ceann Toscaireachta san Asarbaiseáin ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí an Mhisin agus rachaidh sé i gcomhairle leis nó léi maidir le hábhair atá ábhartha don Asarbaiseáin.

4. Déanfaidh an Ceann Misin comhordú le gníomhaithe idirnáisiúnta eile de réir mar is iomchuí.

Airteagal 16

Scaoileadh faisnéise

1. Údarófar an tArdionadaí faisnéis rúnaicmithe AE suas leis an leibhéal *CONFIDENTIEL UE/EU CONFIDENTIAL*, arna giniúint chun críocha an Mhisin, a scaoileadh leis na tríú Stáit a bhfuil baint acu leis an gCinneadh seo, de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le riachtanais an Mhisin, i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE.

2. I gcás ina mbeidh gá oibríochtúil sonrach agus láithreach ann, beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí aon fhaisnéis rúnaicmithe AE suas go dtí an leibhéal *RESTREINT UE/EU RESTRICTED*, arna giniúint chun críocha an Mhisin, a scaoileadh chuig an Stát óstach i gcomhréir le Cinneadh 2013/488/AE. Déanfar socruithe idir an tArdionadaí agus údaráis inniúla an Stáit óstaigh a tharraingt suas chun na críche sin.

3. Beidh sé d'údarás ag an Ardionadaí aon doiciméid neamhaicmithe de chuid an Aontais atá bainteach le plé na Comhairle i ndáil leis an Mhisin agus atá cumhdaithe ag oibleagáid na rúndachta gairmiúla de bhun Airteagal 6(1) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle ([2]) a scaoileadh le tríú stáit a bhfuil baint acu leis an gCinneadh seo.

([2]) Cinneadh 2009/937/AE ón gComhairle an 1 Nollaig 2009 lena leasaítear Rialacha Nós Imeachta na Comhairle (IO L 325, 11.12.2009, lch. 35).

4. Féadfaidh an tArdionadaí na cumhachtaí dá dtagraítear i míreanna 1 go 3, agus an cumas na socruithe dá dtagraítear i mír 2 a thabhairt i gcrích a tharmligean chuig daoine a chuirtear faoina údarás nó faoina húdarás, chuig an gCeannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha agus chuig an gCeann Misin, i gcomhréir le Roinn VII d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Cinneadh 2013/488/AE.

Airteagal 17

Seoladh an Mhisin

1. Seolfar an Misean le Cinneadh ón gComhairle ar an dáta a mhol Ceannasaí Oibríochtaí Sibhialtacha an Mhisin a luaithe a bheidh a chumas oibriúcháin tosaigh bainte amach aige.

2. Déanfaidh foireann lárnach an Mhisin na hullmhúcháin is gá chun go mbeidh an Misean in ann cumas oibriúcháin tosaigh a bhaint amach.

Airteagal 18

Teacht i bhfeidhm agus fad

1. Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

2. Beidh feidhm aige ar feadh tréimhse 2 bhliain ón dáta a sheolfar an Misean.

3. Déanfaidh an Coiste Polaitiúil agus Slándála measúnú straitéiseach ar an Misean agus ar a shainordú 6 mhí tar éis an Misean a sheoladh. Déanfar athbhreithniú straitéiseach ar an Misean in am trátha sula rachaidh an Cinneadh seo in éag.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
J. BORRELL FONTELLES

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA